



GAISCE  
THE PRESIDENT'S  
AWARD



**AN GRADAMÍ'OR  
PACA EOLAIS**

# CLÁR

- 3 Réamhrá
- 4 Critéir an Ghradaim Óir
- 5 Do Réimsí Dúshláin
- 6 An Turas Eachtraíochta
- 9 An Tionscadal Cónaithe
- 11 Cuntas a choimeád ar do Ghradam
- 12 An Phunann
- 14 Tacaíocht do Rannpháirtithe Óir
- 15 Seicliosta do Rannpháirtithe
- 16 An Gradam Óir - Ceisteanna Coitianta

# RÉAMHRÁ

Is é Gradam Óir Gaisce an leibhéal is airde de Ghradam Gaisce agus is éacht é don té a bhaineann amach é.

Gheobhaidh tú sa phaca seo eolas a bheith úsáideach duit má roghnaíonn tú an Gradam Óir a bhaint amach.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

**Ní mór duit a bheith idir 17-25 bliana d'aois chun clárú don Ghradam Óir.** Má tá tú 16 bliana d'aois, beidh tú in ann clárú má tá piaráí leat ag clárú don Ghradam Óir.

Beidh **PAL (Cinnire Ghradam an Uachtaráin)** de dhíth ort chun clárú agus chun tacú leat ar do d'aistear i dtreo Gradam Óir. Cuireann PALanna clár Gaisce ar fáil in [Eagraíochtaí Comhpháirte Ghradam Gaisce](#).

Is féidir gur mhaith leat dul ar aghaidh chuig an nGradam Óir tar éis an Gradam Cré-umha agus an Gradam Airgid a bhaint amach. Is féidir an Gradam Óir a dhéanamh, gan an Gradam Airgid ná Cré-umha a bheith bainte amach agat, ach d'fhéadfadh riachtanais eile a bheith le comhlíonadh agat má théann tú díreach isteach sa chlár seo (míniú sa phacáiste seo).

## TÁILLE CHLÁRÚCHÁIN

Is é €25 an táille chlárúcháin do Ghradam Óir Gaisce



# CRITÉIR AN GHRADAIM ÓIR

## I GCEIST LEIS AN NGRADAM ÓIR:

- Uair an chloig sa tseachtain go ceann **52 seachtain** i ngach ceann díobh seo Réimse Dúshlái: Scil Phearsanta, Rannpháirtíocht sa Phobal, Caitheamh Aimsire Fisiceach.
- Mura bhfuil Gradam Airgid faighte agat cheana féin, beidh ort 26 seachtaine breise a chaitheamh ar cheann amháin de na gníomhaíochtaí seo.
- An **Turas Eachtraíochta**, a mhaireann 4 lá agus 3 oíche, aistear nó taiscéalaíocht.
- An **Tionscadal Cónaithe**, a mhaireann 5 lá agus 4 oíche.
- An **Phunann**, ina mbíonn taifead de do thaithí le linn an Ghradaim Óir.

**Cuimhnigh:** is é do PAL do phríomhtheagmhálaí. Tá sé tábhachtach gach dul chun cinn a chur in iúl do do PAL ó thús deireadh an ghradaim.

**52**  
seachtain  
(i ngach)

- Rannpháirtíocht sa Phobal
- Scil Phearsanta
- Caitheamh Aimsire Fisiceach

**26**  
seachtain

\* Mura bhfuil Gradam Airgid faighte agat cheana féin, beidh ort 26 seachtaine breise a chaitheamh ar cheann amháin de na gníomhaíochtaí seo

**Turas**  
**Eachtraíochta**  
4 lá +  
3 oíche

Pleanáil

Ullmhaigh

Tabhairt faoi

### Tionscadal Cónaithe

**5 lá +**  
**4 oíche**

Gníomhaíocht  
chomhroinnte i suíomh  
cónaithe



**An Phunann**

# DO RÉIMSI DÚSHLÁIN

Díreach mar a tharla sna gradaim eile, cabhróidh do PAL leat gníomhaíochtaí a roghnú a dhéanfaidh tú i ngach ceann de na Réimsí Dúshláin.

Caithfidh an PAL a chinntiú go gcomhlíonann do roghanna do na Réimsí Dúshláin critéir an ghradaim.

Is féidir leat leanúint leis na gníomhaíochtaí a roghnaigh tú do ghradaim roimhe seo nó gníomhaíochtaí nua a roghnú.

Agus gníomhaíocht a roghnú agat do do ghradam, smaoinigh ar na nithe seo a leanas:



- An mairfidh sé an 52 seachtaine a theastaíonn?
- Cé a déarfaidh go bhfuil na gníomhaíochtaí déanta agam?
- Mura bhfuil gradam Airgid agat, cad air a chaithfidh tú do 26 seachtaine breise?

Seo thíos roinnt smaointe do gach réimse dúshláin. Féach, leis, liosta dár gComhpháirtithe Dúshláin anseo: [Comhpháirtí Dúshláin Gaisce](#)

## SMAOINTE AGUS MOLTÁI DO NA RÉIMSI DÚSHLÁIN



**Smaointe do  
Scileanna  
Pearsanta**

[Clliceáil lena íoslódáil >](#)



**Smaointe do  
Rannpháirtíocht  
sa Phobal**

[Clliceáil lena íoslódáil >](#)




**Smaointe faoi  
Chaitheamh  
Aimsire Fisiceach**

[Clliceáil lena íoslódáil >](#)

# AN TURAS EACHTRAÍOCHTA

Is minic a bhaineann rannpháirtithe Gaisce sult níos mó as an Turas Eachtraíochta ná as rud ar bith eile. Beidh cuimhne agat ar an turas seo le fada fada, fiú tar éis an gradam a chríochnú.

Maireann an Turas Eachtraíochta don Ghradam Óir **4 lá agus 3 oíche**. Is féidir dul ar aistear nó ag taiscéalaíocht. Más dóigh leat go n-oirfeadh taiscéalaíocht níos fearr duit, pléigh é sin le do PAL agus faigh ceadú ó Gaisce, leis.



Más duine faoi 18 nó duine fásta leochaileach thú, oibreoidh do PAL leat chun do Thuras Eachtraíochta Óir a chomhordú.

Más duine os cionn 18 mbliain d'aois thú, ba cheart duit dul i gceannas ar an bpleanáil agus ar an turas eachtraíochta féin. Cinntigh go n-aontaíonn tú le do PAL an tslí a dtabharfaidh tú faoi do thuras eachtraíochta agus a gcuirfidh tú fianaise ar do Thuras Eachtraíochta ar fáil, agus conas a chomhlíonfaidh sí na riachtanais.

80km de shiúl na gcos nó 300km ar rothar an fad a mholtar do thuras Óir nó 8 n-uair an chloig de ghníomhaíocht chiallmhar gach lá, in imeacht 4 lá as a chéile.

**Tábhachtach:** Ní féidir bealach lúbtha a dhéanamh don Ghradam Óir. Ba cheart don turas dul ó phointe A go pointe B go pointe C, srl.



# AN GRADAM ÓR

## RIACHTANAIS AN TURAIS EACHTRAÍOCHTA



- Ní mór an Turas Eachtraíochta a phleanáil mar thuras nó mar thaiscéalaíocht a bhfuil cuspóir leis, agus is gá taisteal sa dá chás.
- Ba cheart gach Turas Eachtraíochta a dhéanamh le grúpaí beaga daoine óga den aois chéanna, tuairim is 4-10 duine, don Ghradam Cré-umha, Airgid agus Óir. Ba cheart do ghrúpaí móra iad féin a roinnt ina bhfoirne beaga agus tús a chur leis an turas ag eatramh.
- Caithfidh na rannpháirtithe an turas a dhéanamh gan chabhair ó rothar, cathaoir rothaí, seol, cadhc, inneall srl., gan cúnamh seachtrach. Is féidir an Turas Eachtraíochta a dhéanamh ar thalamh nó ar uisce.
- Más rannpháirtithe faoi 18 mbliana d'aois nó daoine fásta leochaileacha iad, ba cheart do PAL (agus líon oiriúnach maoirseoirí) dul i gceannas ar an Turas Eachtraíochta. Nuair nach bhfuil PAL in ann maoirsiú a dhéanamh ar Thuras Eachtraíochta is féidir le Comhpháirtí Ghradam Gaisce eile atá grinnscrúdaithe agus a bhfuil eolas aige/aici ar phleanáil an Turais Eachtraíochta é a dhéanamh in áit an PAL sin.
- Caithfidh na rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa phleanáil agus sna hullmhúcháin dá dTuras Eachtraíochta.
- Caithfidh gach rannpháirtí na hullmhúcháin chúí a dhéanamh agus an trealamh ceart a bheith acu dá dTuras Eachtraíochta.



- Caithfidh na rannpháirtithe fanacht i mbrú féinfhreastail, i bpuball nó i bhfoirm eile den chineál seo cóiríochta agus príomhbhéile amháin ar a laghad a phleanáil agus a ullmhú gach lá ar an Turas Eachtraíochta. .

# AN GRADAM ÓR RIACHTANAIS AN TURAIS EACHTRAÍOCHTA (AR LEANÚINT)

- Ba cheart tabhairt faoin Turas Eachtraíochta le duine atá oilte nó cáilithe go cúí m.sh. i gcás marcaíocht capall, gníomhaíochtaí uisce.
- Ní mór do rannpháirtithe gach fearas agus trealamh a bheidh ag teastáil uathu ar an Turas Eachtraíochta a aimsiú agus a iompar leo.
- Ba chóir go mbeadh an Turas Eachtraíochta dúshlánach ach laistigh de chumas agus leibhéal aclaíochta na rannpháirtithe.
- Ní mór an taisteal ar an Turas Eachtraíochta a dhéanamh ar laethanta as a chéile. Ach amháin i gcás an Ghradaim Chré-umha, ina nglactar le bealaí lúbtha, ba cheart go rachadh an turas ó phointe A go pointe B go pointe C agus mar sin de.
- Ar chríoch an Turais Eachtraíochta ba chóir do PALanna athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh in éineacht leis na rannpháirtithe.



# AN TIONSCADAL CÓNAITHE

Ceanglaíonn an tionscadal cónaithe ar rannpháirtithe i nGaisce Óir tréimhse chónaithe **5 Lá, 4 Oíche** a chaitheamh i dtimpeallacht nach bhfuil aithne acu uirthi in éineacht le daoine nach bhfuil aithne mhaith acu orthu, ag obair i dtreo sprioc i bpáirt. Ba chóir go dtarlódh an ghníomhaíocht sa Tionscadal Cónaithe in imeacht laethanta agus oícheanta as a chéile.

I gcásanna eisceachtúla, féadfar an tionscadal cónaithe a chríochnú in imeacht dhá sheachtain, bunaithe ar an ngníomhaíocht chéanna, sa bhliain fhéilire chéanna. Caithfear cead roimh ré a fháil ó Gaisce.

Má tá rannpháirtí faoi bhun 18 mbliana d'aois, caithfidh an PAL a chinntiú go dtugtar tús áite do na prionsabail chosanta.



## CAD IS FÉIDIR LE RANNPHÁIRTITHE A DHÉANAMH?

Cáileoidh aon aistear cónaithe 5 Lá, 4 Oíche, in Éirinn nó lasmuigh de, mar Thionscadal Cónaithe fad is atá an rannpháirtí ag fanacht as baile nó as a ngnátháit chónaithe, agus go bhfuil sé/sí i gcuideachta daoine eile nach iad a ngnáthchompánaigh iad.

### Meabhraítear duit:

- Ní bheidh cead fanacht thar oíche le cairde nó le baill teaghlaigh.
- Ní féidir le rannpháirtithe airgead a ghnóthú as an tionscadal (cé gur féidir cúnamh a lorg le haghaidh costais).

# AN TIONSCADAL CÓNAITHE (AR LEANÚINT)

## AN TIONSCADAL CÓNAITHE - SAMPLAÍ


- Campaí do Leanaí
- Campa Cónaithe don Óige
- Tionscadail Chomhshaoil agus Chaomhantais
- Cúrsa cónaithe teanga m.sh. Cúrsa Oiliúna Cónaithe sa Ghaeilge nó sa Spáinnis
- Obair dheonach chónaithe m.sh. teach cúraim
- Obair dheonach idirnáisiúnta
- Tionscadail síochána agus athmhuintearais

Samplaí eile de thionscadail chónaithe [anseo](#)

**Tábhachtach:** Meabhraigh do na rannpháirtithe go gcaithfidh siad teastas nó litir a sholáthar dá bpunann a chruthaíonn go raibh siad i láthair.

Féach Comhpháirtithe Dhúshlán Gaisce do smaointe do Chónaitheachtaí

[Comhpháirtithe  
Dhúshlán Gaisce](#)



# CUNTAS A CHOIMEÁD AR DO GHRADAM

Bí cinnte go labhraíonn tú le do PAL faoi conas cuntas a choimeád ar do ghradam. Is é do PAL an té atá freagrach as do ghradam Óir a cheadú.

Ní mór duit **leathanaigh taifid** a úsáid le do dhul chun cinn a rianú agus iarraidh ar mhaoirseoir cuntas ar na gníomhaíochtaí a shíniú.

Clliceáil chun do **Leathanach Taifid don Ghradam Óir** a íoslódáil

**Leathanach Taifid don**  
**Ghradam Óir**

Ní mór duit príomhphíosaí fianaise a chur isteach i do Phunann, rud a mhínítear sa roinn punainne. Ina measc seo tá:

- Litir faoin tionscadal cónaithe
- Leathanaigh Taifid
- Léarscáileanna agus pleananna slí do do Thuras Eachtraíochta
- Grianghraif srl.

# AN PHUNANN

Ní mór do rannpháirtithe sa Ghradam Óir punann a chur i dtoll a chéile. Sa Phunann beidh taifead den taithí a bhí ag an rannpháirtí ar an nGradam Óir a dhéanamh, ina dtaispeántar fianaise ar a gcuid gníomhaíochtaí i dtreo an ghradaim. Is féidir é a thiomsú le linn a n-aistir Gaisce, nó nuair a bhionn gach gníomhaíocht déanta.

## TREOIRLÍNTE DON PHUNANN

Is féidir leis an bpunann a bheith i bhfoirm dhigiteach nó i gcóip chrua, ach na príomhchodanna agus na míreanna fianaise a bheith ann.

Seo thíos na míreanna nach mór a bheith ann:

**Leathanach clúdaigh:** Féach go bhfuil leathanach clúdaigh air, ar a dtugtar:

- Ainm iomlán
- Contae
- Scoil/Eagraíocht
- Seoladh ríomhphoist
- Ainm do PAL

**Do Thaithí ar an nGradam roimhe seo:** Má bhain tú amach Gradam Cré-umha/Airgid, inis dúinn beagán faoi.

**Do PAL:** Inis dúinn beagán faoin PAL a thacaigh leat ar d'aistear Óir.

**Do Thaithí ar an nGradam:** Scríobh mír faoi gach ceann de na gníomhaíochtaí do Réimse Dhúshláin - Scil Phearsanta, Rannpháirtíocht sa Phobal agus Caitheamh Aimsire Fisiceach. Cuir isteach roinnt grianghraf, físeán nó fianaise eile ar ghníomhaíochtaí. Caithfear leathanaigh taifid a chur isteach i gcás gach gníomhaíochta.

**An Tionscadal Cónaithe** Scríobh píosa faoi do Thionscadal Cónaithe agus cuir isteach litir chónaithe a shínigh an eagraíocht lena ndearna tú an tionscadal.

**An Turas Eachtraíochta** Scríobh píosa faoi do Thuras Eachtraíochta. Ní mór léarscáileanna, pleananna den bhealach, agus grianghraif ón Turas Eachtraíochta chomh maith le sonraí nó grianghraif d'ullmhú béilí a bheith istigh leis.

**Leathanaigh Taifid:** Ní mór gach Leathanach Taifid a bhaineann leis a bheith sa Phunann.

**Conclúid:** Achoimrigh do thaithí agus an méid a d'fhoghlaim tú ón ngradam a dhéanamh, ar fhoghlaim tú rud ar bith gur mhaith leat é a chur ar aghaidh chuig daoine eile a dhéanfadh an Gradam Óir feasta?

# AN PHUNANN (AR LEANÚINT)

## DO PHUNANN A CHUR ISTEACH

Nuair a bhíonn an phunann críochnaithe, ní mór do rannpháirtithe iarraidh ar a PAL an phunann a athbhreithniú agus é **mharcáil 'Ceadaithe' ar chóras GO.**



Ní mór do rannpháirtithe a **bpunann a sheoladh chuig Gaisce ansin**, i bhfoirm dhigiteach nó leis an bpost, lena sheiceáil cibé an sroicheann sé an caighdeán cuí. Gheobhaidh tú deimhniú ríomhphoist nuair a gheofar do phunann.

Ba cheart **punainn dhigiteacha** a sheoladh chuig: [gold@gaisce.ie](mailto:gold@gaisce.ie)

Ba chóir **punainn leis an bpost** a chur chuig: Gaisce - Gradam an Uachtaráin, Teach Ratra, An Bóthar Thuaidh, Páirc an Fhionnuisce, BÁC 8, YD62

The Portfolio is returned to awardees after they receive their Gold Award and is a lovely reminder of their Gaisce Journey.

# ACMHAINNÍ DO RANNPHÁIRTITHE ÓIR

## CEARDLANNA AR LÍNE

Bíonn ceardlanna rialta ar líne ag Gaisce chun tuilleadh eolais faoin nGradam Óir a thabhairt do dhaoine óga agus do PALanna faoin nGradam Óir:



**Ar thóir an Óir (Going for Gold)** - Ceardlann uair an chloig ar líne do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar an nGradam Óir a dhéanamh. Pléitear gach critéar ann, tugtar smaointe agus leideanna, agus bíonn an deis ceisteanna a chur ar fhoireann Gaisce.

**Ceardlann punainne** - Bíonn sé seo ar siúl i mí Feabhra roimh an lá deireanach don phunann, chun tacú le duine ar bith a dteastaíonn cabhair uathu chun a bpunann a chríochnú.

Is féidir clárú le haghaidh an chéad cheardlainne Ar thóir an Óir nó ceardlann punainne anseo:

[Cuir áit in áirithe i gceardlann](#)

## CRUINNITHE ÓIR

Eagraíonn Gaisce cruinnithe dhá uair sa bhliain do dhaoine atá ag déanamh an ghradaim Óir, le gur féidir leo casadh ar a chéile, agus a gcuid taithí a roinnt lena chéile. Cibé an bhfuil smaointe ó fhoireann Gaisce uait, nó an bhfuil tú ar thóir daoine a dhéanfadh an Turas Eachtraíochta leat, is minic gur deis iontach í ceardlann chun casadh ar dhaoine eile ó gach cearn den tír atá ag déanamh an ghradaim Óir.

Féach ár leathanach ar Eventbrite leis an gcéad chruinniú eile a fheiceáil:

[Freastail ar chruinniú](#)



# SEICLIOSTA DO RANNPÁIRTITHE



Chun do Ghradam Óir Gaisce a chríochnú agus páirt a ghlacadh sa searmanas, seo seicliosta thíos de na rudaí nár mhór a dhéanamh agus **a chur isteach roimh 31 Márta** sa bhliain ina gcríochnaíonn tú an gradam.

## SEICLIOSTA

- ✓ Gach Réimse Dúshláin déanta, agus na Leathanaigh Taifid a ghabhann leo curtha isteach i do phunann.
- ✓ Comhlíonann an Turas Eachtraíochta na critéir. Féach an chuid den doiciméad seo ar an Turas Eachtraíochta.
- ✓ Tá an Tionscadal Cónaithe sásúil agus tá litir dheimhnithe curtha isteach agat sa Phunann. Féach an chuid dar teideal Tionscadal Cónaithe den doiciméad seo.
- ✓ Tá do PAL tar éis 'Ceadaithe' a mharcáil ar do ghradam ar an gcóras Gaisce Ar Líne (GO). PALanna amháin a fhéadann an córas GO a úsáid.
- ✓ Cuireadh an phunann isteach chuig Gaisce (go digiteach nó leis an bpost) ar nó roimh an 31 Márta den bhliain sin.

# AN GRADAM ÓIR

## CEISTEANNA COITIANTA



### **An bhfuilim faoi árachas chun an Gradam Óir a dhéanamh?**

Molann Gaisce do gach rannpháirtí a gcuid árachais féin a bheith acu do gach gníomhaíocht a dhéanfaidh siad don ghradam Gaisce, lena n-áirítear árachas breise, b'fhéidir, don turas eachtraíochta.

### **An eagraíocht lena bhfuil Gaisce á dhéanamh agam, beidh mé á fágáil go luath. An féidir liom mo PAL a athrú?**

Is féidir, ní mór duit scéala a chur chuig Gaisce ag [info@gaisce.ie](mailto:info@gaisce.ie) gur mhaith leat aistriú chuig eagraíocht eile agus ainm an PAL nua (ar mian leat aistriú chuige nó chuici) a thabhairt freisin. Beidh ar Gaisce seiceáil leis an PAL nua an bhfuil siad sásta glacadh leat.

### **Cá bhfaighidh mé tacaíocht bhreise chun an gradam a dhéanamh?**

Moltar do gach rannpháirtí freastal ar sheisiún Gréasáin Ar thóir an Óir (Going for Gold), sula gcríochnaíonn siad an gradam. Bíonn na seisiúin seo ann go rialta ó cheann ceann na bliana. Is féidir clárú anseo

### **Nílím cinnte an oireann mo gníomhaíochtaí do ghradam Gaisce. Cad is féidir liom a dhéanamh?**

Ba cheart comhairle a iarraidh ar do PAL. Mura bhfuil do PAL cinnte cuirfidh siad ceist ar a nOifigeach Forbartha Gaisce ar do shon.

### **Cad í an Phunann Óir?**

Is taifead é an phunann de do thaithí fad a bhíonn an gradam Óir á dhéanamh agat. Clúdaítear gach rud is gá a chur sa Phunann níos faide suas sa doiciméad seo i roinn na Punainne Óir.

### **Cathain is gá dom mo Phunann Óir a sheoladh isteach?**

Ní mór dúinn an phunann a bheith faighte ar an 31 Márta 2025 ar a dhéanaí.

### **Conas is féidir liom tuilleadh tacaíochta a fháil le mo phunann?**

Is féidir leat ceist ar bith faoin bpunann a chur ag ceardlanna Ar thóir an Óir (Going for Gold) a bhíonn ann go rialta. Gach bliain bíonn Cartlann Punainne amháin ag Gaisce agus moltar do gach duine a bheidh ag críochnú an ghradaim an bhliain sin freastal air. Cláraigh [anseo](#). Ba cheart tacaíocht a iarraidh ar do PAL agus iarraidh ort féachaint ar do phunann sula seolann tú isteach chuig Gaisce é.

### **Cá háit a seolaim mo phunann Óir?**

Ba chóir an phunann a sheoladh i bhfoirm chóip chrua chuig (ár seoladh) agus má tá sí á seoladh agat i bhfoirm dhigiteach, seol chuig [Gold@gaisce.ie](mailto:Gold@gaisce.ie) í.



### **An gcaithfidh mo PAL mo phunann a cheadú ar an gcéad dul síos?**

Caithfidh, sula seolann tú isteach chuig Gaisce é. Má tá an PAL sásta leis, ceadóidh siad do stádas ar ár gcóras ar líne.

### **Cá bhfios dom gur shroich mo phunann Gaisce faoin 31 Márta?**

Gheobhaidh tú admháil ríomhphoist ó Gaisce. Mura bhfaigheann tú admháil, seol ríomhphost chuig [Gold@gaisce.ie](mailto:Gold@gaisce.ie)

### **Agus mura mbíonn an phunann istigh roimh an 31ú Márta?**

Má fhaightear do phunann tar éis an dáta sin, gheobhaidh tú admháil fós, ach seans nach mbeidh tú i dteideal an gradam a fháil go dtí an bhliain dár gcionn.

### **Cad a tharlaíonn tar éis dom mo phunann a chur isteach?**

Tar éis do phunann a chur isteach, déanfaidh foireann measúnóirí athbhreithniú uirthi. Seans go dtógfaidh sé seo roinnt ama. Gheobhaidh tú admháil má cheadaítear do phunann ina hiomláine agus má cháilíonn tú don ghradam.

### **Cad a tharlaíonn mura gceadaítear mo phunann?**

Má tá míreanna in easnamh ar do phunann, cuirfidh d'Oifigeach Forbartha réigiúnach scéala díreach chugatsa, nó chuig do PAL, ag iarraidh eolas breise.

### **Cá fhad a bheith agam leis an bhfaisnéis bhreise a chur isteach?**

Déarfai leat cá fhad a bheidh agat leis an bhfaisnéis bhreise a chur isteach. Mura bhfaightear in am é, ní cháileoidh tú do shearmanas na bliana sin.

### **Cathain a bhíonn searmanas an Ghradaim Óir ann?**

Déanann Gaisce - Gradam an Uachtaráin searmanas an Ghradaim Óir a chomhordú gach bliain. Cuirfear scéala chugat faoi dháta an tsearmanais tar éis do phunann Ghradam Óir a bheith ceadaithe ag do PAL agus ag GAISCE (tarlóidh sé seo tar éis an 31ú Márta 2025, an dáta deireanach don phunann.)